# Feirmeoireacht i bhFine Gall, Traidisiún Bródúil

Táirgeadh bia san am atá thart agus san am atá i láthair a fhiosrú (Rang a Cúig agus a Sé)



©NGosson Agri

Blas Fingal's Food Heritage

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Oidhreacht Bia Fhine Gall

Fáilte go Blas, tionscadal Oidhreachta Bia Fhine Gall! I bhFine Gall tá traidisiúin láidre againn maidir le gairneoireacht, feirmeoireacht agus iascaireacht. Cuimsíonn ár n-oidhreacht bia gach rud ó oidis seantuismitheoirí, cócaireacht agus acraí, bealaí traidisiúnta feirmeoireachta agus iascaireachta, go béaloideas, an gorta, agus ainmneacha páirce.



*Cistin Theach an Droichid Nua*

## Cad é Blas?

Scrúdaíonn, taifeadann agus comhroinneann BLAS traidisiúin, dearcthaí, creidimh agus cleachtais a bhaineann leis an gcaoi a dtáirgeann agus a ithimid bia agus cuireann sé traidisiúin bia éagsúla i láthair lucht féachana nua.

## Cad é mapa scéala dhigiteach oidhreacht bia Fhine Gall?

Mar chuid den tionscadal, tá suíomh gréasáin and mapa scéala digiteach cruthaithe againn a dhéanann ceiliúradh ar oidhreacht bia i bhFine Gall, atá mar chuid dár stair shóisialta. Ar an mapa scéala tá cuimhní bia a bailíodh ón bpobal i bhFine Gall, seanghrianghraif, agus oidis.

## Conas is féidir le scoileanna páirt a ghlacadh i dtionscadal Blas?

- Iarrtar ar dhaltaí iontráil dialainne a scríobh mar fheirmeoir i bhFine Gall.
- Iarraimid ar mhúinteoirí iontráil ranga a chur isteach nó trí iontráil aonair dialainne a roghnú mar ionadaí don rang.
- Déanfar ionadaíocht ar rogha aighneachtaí ar shuíomh gréasáin Blas.

## Buaigh turas scoile go Teach agus Feirme an Droichid Nua!

Cuirfear gach rang a sholáthraíonn a gcuid oibre i gcrannchur duaise le haghaidh turas ranga ar **Theach agus Feirme an Droichid Nua.**

# Treoir Mhúinteora

## Forbhreathnú ar an gCeacht

| Ranganna | Abhar | Snáithe | Snáithaonad | Naisc Churaclaim | Naisc Traschuraclaim |
|---|---|---|---|---|---|
| **Rang a Cúig agus Rang a Sé** | Stair | Staidéir áitiúla | Mo cheantar tríd na haoiseanna | Cuirfear ar chumas an linbh:<br>• staidéar a dhéanamh ar thréimhse/tréimhsí i stair an tsráidbhaile áitiúil, an bhaile mhóir, baile fearainn na cathrach | • Tíreolaíocht<br>• Béarla<br>• Inniúlacht Dhigiteach |
| | | Scéal | Scéalta ó shaol na ndaoine san am atá thart | • éisteacht le daoine áitiúla ag insint scéalta faoin am atá caite acu<br>• scrúdú a dhéanamh agus tosú ar tátail a dhéanamh ó roinnt fianaise ábhartha simplí | |
| | | An saol, an tsochaí, an obair agus an cultúr san am atá thart | An saol in Éirinn sa 19ú haois agus tús an 20ú haois | • aithne a chur ar ghnéithe de shaol na ndaoine seo – bia agus feirmeoireacht<br>• fianaise ó na tréimhsí a ndearnadh staidéar orthu a scrúdú agus dul i dtaithí air, go háirithe fianaise atá le fáil go háitiúil | |

**Ceacht: 'Feirmeoireacht Fhine Gall – Traidisiún Bródúil' (Táirgeadh Bia Fhine Gall san am a chuaigh thart agus san am i láthair)**

**Acmhainní:** Clár Bán, Bileog Gníomhaíochta: 'Dialann Feirmeoir Fhine Gall' (Lch 6 den phlean ceachta seo), Grianghraf de Baint Torthaí c.1940, Feirm Torthaí Lambs (Lch 7 den phlean ceachta seo), físeán 'An Teach Mór', agus an taifeadadh fuaime '*Picking sprouts, topping and binding carrots*, *Ros 1940idí-60idí'* (Mary Leonard Lowndes, Sord. Ó Maurice O'Keeffe, taifeadtaí Irish Life & Lore, Sraith 1 Fhine Gall) ar fáil ar shuíomh gréasáin Blas anseo.

**Torthaí foghlama:**

Cuirfear ar chumas na ndaltaí:

- Aimsigh ceantar Fhine Gall agus Theach agus Feirme an Droichid Nua, ar léarscáil
- Sainaithin roinnt bailte i bhFine Gall
- Cosúlachtaí agus difríochtaí idir táirgeadh bia (buaint, stóráil agus inbhuanaitheacht) san am a chuaigh thart agus sa lá atá inniu ann a aithint
- Cuir a saol i gcomparáid le saolta daoine san am a chuaigh thart
- Scrúdú a dhéanamh ar fhianaise stairiúil shimplí
- Scríobh faoi shaol feirmeoir i bhFine Gall san am a chuaigh thart

**Réamhrá**

***Aimsigh an Bia***

1. Iarr ar na daltaí mar rang/i ngrúpaí, Google Maps a úsáid chun ceantar Fhine Gall i mBaile Átha Cliath a aimsiú. Iarr orthu sé bhaile i bhFine Gall a aimsiú agus a liostú.
2. Ansin iarr ar na daltaí Teach agus Feirme an Droichid Nua a aimsiú.
3. Ansin taispeáin an sliocht físe seo do na daltaí anseo 'An Teach Mór' ó shuíomh gréasáin Blas faoi bhia san am a chuaigh thart i dTeach an Droichid Nua, Domhnach Bat, Co. Bhaile Átha Cliath.
4. San fhíseán seo, labhraíonn an léiritheoir Cathal Dowd-Smith faoi Theach an Droichid Nua san am a chuaigh thart agus an áit a bhfuair an fhoireann a gcuid bia. Iarr ar na daltaí Google Maps a úsáid mar thagairt chun a léarscáil shimplí féin a dhéanamh, agus iad ag breacadh síos cad as ar tháinig an bia.
   *(Baile Átha Cliath - earraí grósaeireachta ar nós liomóidí agus oráistí; bácús Shoird - arán; Binn Éadair agus Na Sceirí - iasc).*

**Forbairt**

***Ansin agus Anois***

Foinsí Stairiúla



*Baint torthaí c.1940 Feirme Torthaí Lambs, Le caoinchead Mhúsaem Chumann Staire Dhomhnach Bat*

1. Taispeáin an íomhá 'Baint Torthaí' do na daltaí (Is féidir leat cóip den phictiúr a fháil ar leathanach 7 den cheacht seo nó ar shuíomh gréasáin Blas anseo.
2. Ansin seinn an taifeadadh fuaime "*Picking sprouts, topping and binding carrots, Ros 1940idí-60idí*" (Mary Leonard Lowndes, Sord. Ó Maurice O'Keeffe, taifeadtaí Irish Life & Lore, Sraith 1 Fhine Gall) ar fáil anseo.
3. Iarr ar na daltaí, i ngrúpaí, meabhairmhapa 'Táirgeadh Bia Fhine Gall san Am atá thart' a chruthú, a thaispeánfaidh an méid a d'fhoghlaim siad ón dá fhoinse stairiúla faoi bhia san am a chuaigh thart.
4. Ansin tabhair cuireadh do na grúpaí a meabhairmhapaí a roinnt leis an rang. (Is féidir le daltaí a gcuid meabhairmhapaí a tharraingt nó is féidir leo meabhairmhapaí digiteacha a chruthú trí úsáid a bhaint as gineadóirí meabhairmhapa ar líne m.sh. Popplet).

Spreag na daltaí le smaoineamh ar chuid díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Uirlisí a úsáideadh<br>• Teicneolaíocht<br>• Meaisíní<br>• Margaí/siopaí | • Pacáistiú bia<br>• Stóráil<br>• Cineálacha bia atá ar fáil<br>• Iompar bia |

5. Iarr ar na daltaí, ina ngrúpaí, agus iad ag tarraingt ar an sliocht físe, íomhá agus foinse fuaime, comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir an difríocht atá idir táirgeadh bia inniu agus a bhí san am a chuaigh thart. Iarr orthu meabhairmhapa a chruthú do 'Tháirgeadh Bia Fhine Gall sa Lá Atá Inniu.
   - Déan machnamh ar cad a d'athraigh agus cad a d'fhan mar a chéile?
   - Cad iad na cleachtais inbhuanaithe a úsáidtear san fheirmeoireacht anois? (D'fhéadfadh daltaí uirlisí ar líne ar nós Kiddle a úsáid chun físeáin ghearra d'fheirmeoirí i bhFine Gall inniu a fhiosrú nó a fheiceáil ag Saothróirí Áitiúla – Is Fearr an Saol le Torthaí & Glasraí (fruitnveg.ie).

Roinnt smaointe le plé:

- San am atá thart, fásadh an chuid is mó bia san earrach agus réidh le haghaidh fómhar san fhómhar.
- Sa lá atá inniu ann is féidir bia a fhás ag amanna eile den bhliain trí úsáid a bhaint as polathollláin, tithe gloine agus teicneolaíocht nua-aimseartha chun an teocht agus na coinníollacha fáis a choinneáil ceart.
- San am a chuaigh thart bhí ar dhaoine bia a bhaint nuair a bhí sé aibí agus réidh.
- Sa lá atá inniu ann tá cuisneoirí agus reoiteoirí againn chun bia a chaomhnú agus a stóráil níos faide. Is féidir linn a lán torthaí agus glasraí a fháil i rith na bliana.
- San am atá thart bhí roinnt bia cosúil le guird (m.sh. puimcíní) go maith le stóráil lena gcraiceann crua ach d'fhéadfadh bianna eile a bheith níos deacra a stóráil agus d'fhéadfadh siad lobhadh go héasca. Uaireanta d'úsáid daoine 'teicníc picile' chun glasraí a chaomhnú, mar shampla, glasraí a chur faoi sháile.
- San am atá thart, d'ith formhór na ndaoine an méid a d'fhás siad iad féin, nó cheannaigh siad bia áitiúil ag an margadh áitiúil. I gcás fhormhór na ndaoine, níor thaistil a gcuid bia i bhfad. Níorbh fhéidir é a reoigh ná a chuisniú agus mar sin fuarthas go háitiúil é.
- Mar sin féin, sa lá atá inniu ann ní féidir linn ach bia a fháil ag ollmhargaí agus fiú ar líne. Tá cuid den bhia seo tar éis taisteal ó áiteanna i bhfad uainn – bananaí, abhacáid, líomaí, páiseoga. (Nóta an mhúinteora – is féidir leat iarraidh ar na daltaí a fháil amach cad as ar tháinig siad seo agus glasraí eile, m.sh. Bia-Aistear).

- San am atá thart, ní raibh mórán pacáistíocht ar bhia, mar go bhfuair daoine méideanna beaga bia, de réir mar a theastaigh uathu, ag a margadh nó a siopa áitiúil. Chabhraigh sé seo leo gan a bheith ag stóráil go leor den bhia.
- Sa lá atá inniu ann, toisc gur féidir linn bia a iompar níos faide, agus é a stóráil agus a choinneáil ar feadh i bhfad níos faide, tá i bhfad níos mó pacáistíocht cruthaithe, rud atá díobhálach don chomhshaol.
- Tá i bhfad níos mó cur amú bia sa lá atá inniu ann freisin.

**Conclúid**

***Feirmeoir Fhine Gall – Lá sa saol***

Iarr ar na daltaí iontráil dialainne a scríobh mar fheirmeoir i bhFine Gall san am atá thart. Spreag na daltaí le smaoineamh ar chuid díobh seo a leanas:

- Uirlisí
- Teicneolaíocht
- Feirmeoireacht orgánach
- Pacáistiú
- Foirgnimh feirme
- Díoltar táirgí ó mhargaí/ollmhargaí go dtí
- Inbhuanaitheacht
- Iompar bia

Comórtas – Cuir isteach iontráil ranga nó roghnaigh trí iontráil dialainne aonair chun ionadaíocht a dhéanamh don rang. Cuir scanadh nó grianghraf soiléir le sonraí do ranga agus scoile chuig Blas foodheritage@fingal.ie

# Bileog Gníomhaíochta: Feirmeoir Fhine Gall – Lá sa Saol

## Smaoinigh ar roinnt díobh seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ○ Uirlisí<br>○ Teicneolaíocht<br>○ Feirmeoireacht orgánach *<br>○ Pacáistiú | ○ Foirgnimh feirme<br>○ Margaí/ollmhargaí<br>○ Inbhuanaitheacht<br>○ Iompar bia |

***Feirmeoireacht Orgánach –** feirmeoireacht ar bhealach inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol



*Baint torthaí c.1940 Feirme Torthaí Lambs, Le caoinchead ó Mhúsaem Chumann Staire Dhomhnach Bat, Teach an Droichid Nua, Domhnach Bat*